Meath ar Ainmneacha Gaeilge

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint anois ar thuairisc faoin meath atá tagtha ar ainmneacha Gaeilge ar pháistí nuabheirthe. Sula bhféachann tú ar an mír, déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt.

Bí ag obair leis an duine in aice leat.

Cén t-ainm is coitianta, dar leat, a tugadh ar bhuachaillí i 2010?

Cén t-ainm is coitianta, dar leat, a tugadh ar chailíní i 2010?

I gcás ainmneacha Gaelacha, tá na sean ainmneacha ann agus tá roinnt ainmneacha nua tagtha chun cinn. Cé acu is fearr leat?

Ceist 2 Féach ar an mír anois. Déan iarracht na téarmaí thíos a mheaitseáil leis an aistriúchán ceart.

Meath	Winner
Foilsigh	Vacancy
Coitianta	Based
Buaiteoir	Publish
Iomaíocht	Missing
Bunaithe	Decline
In easnamh	Common
Folúntas	Competition

Ceist 3 Anois féach ar an mír don dara huair agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Cén páipéar a d'fhoilsigh an liosta?
2. Cén t-ainm is mó a tugadh ar bhuachaillí i 2010?
3. Luaitear sé ainm eile do bhuachaillí. Ainmnigh trí cinn acu.
4. Ainmnigh ceithre ainm ar bharr liosta na gcailíní.
5. Cén t-ainm a tháinig isteach sa liosta den chéad uair i mbliana?

Ceist 4 Líon na bearnaí leis na focail chuí.

Ach i measc na gcailíní bhí _____ ghéar don spota is fearr. _____Anna, Lucy, Grace agus Lilly chun cinn agus lean leithéidí Alice, Emily agus Sarah. B'shin de réir an liosta atá_____le chéile ag an Irish Times atá _____ ar na_____breithe a d'fhoilsigh siad anuraidh. Tá an liosta seo éagsúil ar fad ón liosta a chuireann an Phríomhoifig Staidrimh le chéile.

(*Chríochnaigh, curtha, iomaíocht, oifigiúil, bunaithe, fógraí)*

Ceist 5 ***'aon mhí dhéag'***

Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'mí'?

Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'déag'?

Athraigh an focal idir lúibíní más gá.

1. Dhá sheachtain (déag)
2. Trí mhála (déag)
3. Dhá pháirc (déag)
4. Cúig chlaí (déag)
5. Ocht mbróg (déag)
6. Dhá oíche (déag)
7. Aon lá (déag)
8. Naoi mbó (déag)

Ceist 6 Pléigh an ráiteas thíos leis an duine in aice leat nó mar rún díospóireachta sa rang.

'Ba cheart go mbeadh muintir na hÉireann ag úsáid ainmneacha Gaelacha agus an leagan Gaeilge dá sloinnte'

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Is féidir na ceisteanna seo a phlé leis an duine in aice leat.

Ceist 2

meath	= **decline**
foilsigh	= **publish**
coitianta	= **common**
buaiteoir	= **winner**
iomaíocht	= **competition**
bunaithe	= **based**
in easnamh	= **missing**
folúntas	= **vacancy**

Ceist 3

1. D'fhoilsigh an 'Irish Times' an liosta.
2. Is é James an t-ainm is mó a tugadh ar bhuachaillí i 2010.
3. Max, Hugo, Patrick, Oliver, Ben agus Luke.
4. Anna, Lucy, Grace agus Lilly
5. Suri

Ceist 4 Ach i measc na gcailíní bhí **iomaíocht** ghéar don spota is fearr. **Chríochnaigh** Anna, Lucy, Grace agus Lilly chun cinn agus lean leithéidí Alice, Emily agus Sarah. B'shin de réir an liosta atá **curtha** le chéile ag an Irish Times atá **bunaithe** ar na **fógraí** breithe a d'fhoilsigh siad anuraidh. Tá an liosta seo éagsúil ar fad ón liosta **oifigiúil** a chuireann an Phríomhoifig Staidrimh le chéile.

Ceist 5 Bíonn séimhiú ar fhocail a thagann tar éis 'aon' más féidir. Tá eisceacht ann má tá *d,n,t,l,s* i gceist. *'Níl ao**n** **t**inteán mar do thinteán féin'*

Tá séimhiú ar 'déag' sa chás seo toisc go bhfuil an focal roimhe ag críochnú ar ghuta. Mar shampla, *ocht gcarr déag* agus *naoi ngeata d**h**éag*.

1. Dhá sheachtain déag.
2. Trí mhála dhéag.
3. Dhá pháirc déag.
4. Cúig chlaí dhéag.
5. Ocht mbróg déag.
6. Dhá oíche dhéag.
7. Aon lá dhéag.
8. Naoi mbó dhéag.

Ceist 6 Is féidir an ráiteas a phlé nó díospóireacht a dhéanamh.

Éimear Ní Chonaola

Tá meath tagtha ar ainmneacha baiste Gaeilge, sin de réir liosta na n-ainmneacha ba mhó a raibh tóir orthu i 2010 a d'fhoilsigh an Irish Times inniu. James an t-ainm is mó a tugadh ar bhuachaillí i 2010 de réir an liosta agus bhí Anna, Lucy, Grace agus Lilly ar na hainmneacha ba choitianta ar chailíní.

Caoimhe Ní Laighin

Ó thaobh na mbuachaillí de, ba bhuaiteoir gan stró é James i 2010 i gcomórtas na n-ainmneacha baiste. Lean Max, Hugo agus Patrick, Oliver, Ben agus Luke ina dhiaidh.

Ach i measc na gcailíní bhí iomaíocht ghéar don spota is fearr. Chríochnaigh Anna, Lucy, Grace agus Lilly chun cinn agus lean leithéidí Alice, Emily agus Sarah. B'shin de réir an liosta atá curtha le chéile ag an Irish Times atá bunaithe ar na fógraí breithe a d'fhoilsigh siad anuraidh. Tá an liosta seo éagsúil ar fad ón liosta oifigiúil a chuireann an Phríomhoifig Staidrimh le chéile.

Sa naíolann seo i mBaile Átha Cliath tá dhá cheann de na hainmneacha is mó a bhfuil tóir orthu ar na buachaillí. Ben atá deich mí d'aois agus Luke atá aon mhí dhéag d'aois.

Darragh Hennessy

Phioc mé an t-ainm mar cheap mé nach raibh mórán Lukes ann, ach is cosúil go raibh mé mícheart.

Caoimhe Ní Laighin

Ach tá rud amháin in easnamh anseo. An amhlaidh go bhfuil meath tagtha ar na hainmneacha Gaelacha?

Barry Kealy, *Tony Kealy Prams*

Déanaimid suas "specialised name plates" (sain-ainmchláir) anseo agus cinnte tugaim faoi deara nach bhfuil mórán daoine ag iarraidh "name plates" (ainmchláir) as Gaeilge

Caoimhe Ní Laighin

B'fhéidir go bhfuil dearmad déanta ar na hainmneacha Gaelacha ach ná bíodh eagla orainn - tá Tom Cruise agus Katie Holmes ag líonadh an fholúntais chultúrtha sin! Den chéad uair riamh bhí an t-ainm Suri ar an liosta.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4, i mBaile Átha Cliath